# Phlean Oidhreachta Liatroma

## 2020 - 2025



Pictiúr clúdaigh –Áith Aoil

# Clár ábhair


Brollach ..... 5

Aidhm an Phlean Oidhreachta ..... 11

Oidhreacht Liatroma ..... 13

Réamhrá ..... 15

An Fóram Oidhreachta ..... 15

Céard é d'Oidhreacht Liatroma? Comhairliúchán Poiblí ..... 17

Comhthéacs Náisiúnta don Phlean Oidhreachta seo ..... 19

Cur i bhFeidhm agus Maoiniú an Phlean Oidhreachta ..... 21

- Cuspóir: Tacú le Caomhnú agus Taifeadadh Oidhreacht Liatroma ..... 22
- Cuspóir: Feasacht faoi Oidhreacht Liatroma a Ardú ..... 24
- Cuspóir: Pobail a Spreagadh le bheith Rannpháirteach ina nOidhreacht ..... 26
- Cuspóir: Tacú le Turasóireacht Oidhreachta Inbhuanaithe i Liatroim ..... 28


Aguisín 1 ..... 30

Aguisín 2 ..... 31

Aguisín 3 ..... 32



Caisleán Chluainín



# Brollach

***An Comhairleoir Enda McGloin,*.**
*Cathaoirleach, Comhairle Chontae Liatroma*

Is mór agam, mar Chathaoirleach Chomhairle Chontae Liatroma, an dara Plean Oidhreachta do Chontae Liatroma a chur i láthair. Léirítear sa phlean tiomantas leantach Chomhairle Chontae Liatroma do chosaint agus chur chun cinn oidhreacht an Chontae. Is gné lárnach d'fhéiniúlacht Liatroma í sainoidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an Chontae. Is é cuspóir an phlean oidhreachta nua s'againne ná gach duine agus gach pobal i Liatroim a nascadh lena n-oidhreacht choiteann, agus obair i gcomhar le chéile chun ár n-oidhreacht a chaomhnú agus a cheiliúradh ar mhaithe leo siúd a mhaireann inniu agus na glúine atá le teacht. Is plean uaillmhianach é seo, ina fhéachtar le comhpháirtíochtaí reatha a láidriú agus cinn nua a chothú chun tairbhe oidhreacht Liatroma agus phobal ár gContae araon.


Is léiriú ar thábhacht na hoidhreachta sa Chontae é flúirse na ngrúpaí agus na n-eagraíochtaí pobail oidhreachta gníomhacha a bhíonn ar theann a ndíchill ag iarraidh oidhreacht a gceantar áitiúil a chosaint agus a cheiliúradh, agus atá tar éis a gcuid féin a dhéanamh maidir le forbairt an phlean seo. Tá an bealach réitithe ag an bplean le dul i dteagmháil a thuilleadh le pobail agus eagraíochtaí, agus aithnítear ann a thábhachtaí atá ról na hoidhreachta i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha an chontae. Táthar ag iarraidh anois go mbeadh an pobal, an rialtas, comhlachtaí gairmiúla, eagraíochtaí neamhrialtais, gnóthais, an earnáil feirmeoireachta agus daoine ar spéis leo an oidhreacht, rannpháirteach go gníomhach i gcur i bhfeidhm an phlean, agus beidh an rannpháirtíocht sin barrthábhachtachchun go n-éireodh leis.

Bhí ról lárnach ag an gComhairle Oidhreachtamaidir le hullmhú an Phlean Oidhreachta seo, agus thar ceann Chomhairle Chontae Liatroma, ba mhian liom buíochas a ghabháil leo as a dtiomantas agus a dtacaíocht leantach. Fáiltím roimh an deis seo do Chomhairle Chontae Liatroma obair i gcomhar le páirtithe leasmhara eile ar an bPlean nua seo, agus táim ag súil go mór le fíorú fhís an Phlean sna blianta atá romhainn amach.






Páirc Cois Abhann, Cora Droma Rúisc




***Lar Power**, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Liatroma*

Is cúis áthais dom fáiltiú le Plean Oidhreachta nua Liatroma 2020–2025, in éineacht le Comhairle Chontae Liatroma.Tá oidhreacht shaibhir éagsúil thar na bearta ag Contae Liatroma, agus is é an oidhreacht seo atá ina bonn le Liatroim a bheith ina sainchontae ar leith. Is bunchloch í an oidhreacht den cháilíocht beatha inár mbailte, sráidbhailte agus pobail thuaithe. Is í is cúis le Liatroim a bheith ina háit iontach le maireachtáil inti, is í a mheallann turasóirí chuig ár gContae agus is í a spreagann gnóthais le cur fúthu anseo.

D'eascair an Plean Oidhreachta seo ó phróiseas comhairliúcháin rannpháirtíoch, a bhí ar siúl ar feadh bliana san iomlán. Bhí sé bunriachtach go nglacfadh muintir an phobail páirt i bpróiseas réitithe an phlean lena chinntiú go léireodh an Plean Oidhreachta nua cúiseanna imní agus uaillmhianta an phobail, go bhfreagródh sé dóibh, agus go gcomhlíonfadh sé straitéisí agus treoirlínte náisiúnta agus réigiúnacha. Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl dóibh siúd uile a ghlac páirt sna comhairliúcháin sin.

Is é aidhm an phlean ná tionscadail oidhreachta a fhorbairt, a thabharfaidh deis do phobail teacht le chéile agus gach iarracht a dhéanamhchun a gceantair áitiúla a chur chun tosaigh. Láidreoidh na tionscnaimh sin ár bpobail, cuirfidh siad lenár n-ómós áite agus cinnteoidh siad go mbeidh an oidhreacht i gcroílár ár bpobal.

Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leo siúd uile a bhí páirteach i bhforbairt Phlean Oidhreachta Liatroma, go háirithe Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae Liatroma agus na heagraíochtaí agus daoine ar fad a rinne a gcion ar mhaithe leis an bpróiseas comhairliúcháin ar bhonn aonair, áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, d'ainneoin a sceideal dian. Tá buíochas ar leith ag dul do bhalleagraíochtaí uile Fhóram Oidhreachta Liatroma, agus don Chomhairle Oidhreachta as tacú ar bhonn leanúnach le Plean Oidhreachta Liatroma agus é a fhorbairt. Táim ag súil le hobair i gcomhpháirt leis na grúpaí sin ar fad le linn na chéad sé bliana romhainn amach chun an plean seo a chur i gcrích.





Loch Meilbhe




***An Comhairleoir Seán McDermott,***
*Cathaoirleach Fhóram Oidhreachta Liatroma*

Is mór an onóir dom, mar Chathaoirleach Fhóram Oidhreachta Liatroma, an dara Plean Oidhreachta Liatroma a chur i láthair. Is comhpháirtíocht é Fóram Oidhreachta Liatroma idir Comhairle Chontae Liatroma agus páirtithe leasmhara oidhreachta a bhíonn ag obair ar fud an Chontae, a bhfuil de chuspóir aige aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí oidhreachta, an dea-chleachtas a chur chun cinn, agus freastal ar riachtanais oidhreachta áitiúla. Aithníonn an Fóram a thábhachtaí atá ról na hoidhreachta sin, ní amháin maidir le forbairt shocheacnamaíoch an Chontae ach chuncáilíocht na beatha a fheabhsú agus ómós áite a chothú freisin.

Is mian liom tiomantas Fhóram Oidhreachta Liatroma do thacú leis an bplean seo agus dá fhorbairt a mholadh, agus gabhaim buíochas freisin leis na Fócasghrúpaíum Oidhreacht Chultúrtha, Nádúrtha agus Thógtha, a chabhraigh linn freisin an plean seo a thabhairt chun críche. Mo bhuíochas chomh maith le Comhairle Chontae Liatroma as a dtreoir agus a gcúnamh, agus aithním tacaíocht leantach na Comhairle Oidhreachta tríd an ról a bhí acu maidir leis an gClár Oifigigh Oidhreachta a chur i bhfeidhm. Beidh an obair chomhpháirtíochta ina bunchloch de rath an Phlean Oidhreachta seo, agus is é an Fóram Oidhreachta a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i gcrích na mbeart sa phlean, agus tacaíocht á fáil acu ó Chomhairle Chontae Liatroma agus ón gComhairle Oidhreachta.

Táim ag tnúth le cur i bhfeidhm an phlean seo agus le baint a bheith agam ar bhonn leanúnach leis an bhFóram Oidhreachta sna blianta atá romhainn amach.








Dealbh Sheáin Mhic Dhiarmada,Coillte Clochair





## Aidhm an Phlean Oidhreachta

*Áitritheoirí uile Liatroma a nascadh lena n-oidhreacht choiteann agus obair i gcomhar le chéile chun sainoidhreacht Liatroma a chaomhnú agus a cheiliúradh ar mhaithe leo siúd a mhaireann inniu agus na glúine atá le teacht.*



Cloodrumman Beg

# Oidhreacht Liatroma

Is áit ar leith í Liatroim. Tá níos mó ceantar tuaithe sa chontae seo ná in aon chontae eile in Éirinn, agus tá an-chuid gnéithe dá tírdhreach talmhaíochta tuaithe fós le feiceáil inti. Má théann tú ar thuras feadh ár mbóithre tuaithe, beidh tú faoi dhraíocht ag flúirse cheiliúr na n-éan agus na radhairc iontacha thart timpeall ort. Má stopann tú inár sráidbhailte agus bailte, beidh tú ag déanamh suntais de stíl dhúchasach ár bhfoirgneamh, ach ní amháin sin, de na daoine lácha cairdiúla a chasfar ort, atá an-mhórtasach go deo as a n-oidhreacht agus atá tar éis neart traidisiún cultúrtha a choinneáil, agus borradh faoi na traidisiúin sin uile ar fud an Chontae.

Is suntasach an réimse éagsúil geolaíochta agus topagrafaíochta atá le feiceáil i Liatroim, idir na sléibhte ardchláir agus na gleannta oighreacha sa chuid thuaidh den chontae, agus an tírdhreach réchnocach droimnínísna hísealchríocha ó dheas. Tá mósáic de ghnáthóga nádúrtha agus saorga anois ann mar thoradh ar an topagrafaíocht éagsúil agus na córais leathana aibhneacha agus lochanna ar fud an chontae, agus bhí tionchar aige sin ar na háiteanna ar roghnaigh daoine cur fúthu iontu, ina bhfuil fáil anois ar ár n-oidhreacht shaibhir seandálaíochta, agus bail chomh maith sin uirthi. Is laistigh den tírdhreach nádúrtha agus tógtha sin atá ár bpobail tuaithe tar éis oidhreacht shaibhir chultúrtha a chothú, idir shainstíl cheol traidisiúnta Liatroma agus an béaloideas áitiúil, atá tagtha slán chugainn ó na glúine a tháinig romhainn.

Is iad na rudaí sin agus neart eile is bonn le sainiúlacht oidhreacht Liatroma agus a chuireann chomh láidir sin le féiniúlacht na ndaoine agus na háite araon. Ní féidir oidhreacht a ghlaoch ar gach rud, áfach. Is éard is oidhreacht ann gnéithe den am atá thart a bhfuil meas againn orthu san am i láthair, agus a roghnaímid a chur ar aghaidh chuig na glúine atá ag teacht inár ndiaidh. Le linn ré seo na dteicneolaíochtaí a bhíonn ag síorathrú, is é aidhm an Phlean Oidhreachta ár n-oidhreacht nádúrtha, chultúrtha agus thógtha a chaomhnú agus a chur chun cinn mar acmhainn theoranta a chuireann go suntasach le buanna ar leith a chinntiú, mar shampla, timpeallacht shláintiúil, feirmeoireacht inbhuanaithe, folláine, cruthaitheacht agus cruthú post sna réimsí cultúir agus turasóireachta.




CRYAN'S • TEACH CEOIL

# Réamhrá

Is é seo an dara Plean Oidhreachta do Chontae Liatroma, agus clúdaíonn sé an tréimhse 2020–2025. Ba é Comhairle Chontae Liatroma a réitigh an plean, le cabhair ó Fhóram Oidhreachta Liatroma agus i gcomhar le baill den phobal agus páirtithe leasmhara áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta ar spéis leo oidhreacht ár gContae. Leagtar amach sa phlean na tosaíochtaí don Oidhreacht i Liatroim don tréimhse sé bliana atá romhainn amach, agus is tiomantas de chuid Chomhairle Chontae Liatroma é oidhreacht Liatroma a chur chun cinn agus a chosaint. Ní liosta uileghabhálach é an plean seo de gach a bhfuil riachtanach don oidhreacht sa chontae, ach plean straitéiseach a bheidh mar bhonn agus taca ag bearta na chéad sé bliana atá romhainn amach.

# An Fóram Oidhreachta

Is grúpa comhairleach neamhreachtúil é an Fóram Oidhreachta, a chuir Comhairle Chontae Liatroma ar bun chun comhairle a sholáthar maidir le hullmhú agus cur i bhfeidhm an Phlean Oidhreachta, agus is é an tOifigeach Oidhreachta a dhéanann é a éascú. Tá comhaltaí an Fhóraim Oidhreachta ina n-ionadaithe tofa nó ina n-ionadaithe de phobail nó eagraíochtaí atá freagrach as cúram agus cosaint na hoidhreachta i Liatroim, nó ar spéis leo an oidhreacht. Reáchtáladh an chéad chruinniú d'Fhóram Oidhreachta nuabhunaithe Chontae Liatroma i mí Fheabhra 2019. Is féidir liosta de na Comhaltaí Fóraim a fheiceáil in Aguisín 1.





Garáiste Thompson, Cluainín

# Céard é d'Oidhreacht Liatroma? Comhairliúchán Poiblí

I gcomhar leis an bhFóram Oidhreachta, bhí próiseas comhairliúcháin phoiblí ina bhonn leis an bPlean Oidhreachta. Reáchtáladh comhairliúchán poiblí dar teideal 'Céard é d'Oidhreacht Liatroma?' le linn thréimhse sé seachtaine, agus mar chuid den chomhairliúchán sin, eagraíodh suirbhé ar líne, seisiúin faisnéise agus feachtas raidió. Fuarthas 124 aigneacht san iomlán ón bpobal, agus is iad na haighneachtaí sin atá ina mbunús leis an bplean seo. Luaigh breis is 70% de na freagróirí gurbh é 'Féiniúlacht'an luach oidhreachta ba thábhachtaí ar fad dóibh. Leagadh béim freisin ar na tairbhí eacnamaíochta agus turasóireachta a bhaineann leis an oidhreacht. Díríodh aird sa chomhairliúchán ar chosaint na hoidhreachta nádúrtha agus tógtha araon, lena n-áirítear an tseandálaíocht, mar thosaíochtaí oidhreachta suntasacha ar chóir go leagfaí béim orthu sa Phlean Oidhreachta. Ar na gnéithe den oidhreacht chultúrtha a sainaithníodh mar thosaíochtaí oidhreachta, áiríodh an Ghaeilge, an ceol traidisiúnta agus an béaloideas. Measadh gurbh iad na dúshláin is mó roimh oidhreacht Liatroma ná easpa maoinithe agus easpa feasachta ghinearálta. Léiríodh sa chomhairliúchán poiblí go rabhthas ag iarraidh go mbeadh pobail agus daoine aonair rannpháirteach ina n-oidhreacht; bhíothas go mór i bhfách le páistí scoile a bheith gafa leis an oidhreacht, agus moladh tionscadail idirghlúine a éascú freisin.

Tá na céimeanna uile d'fhorbairt an Phlean Oidhreachta leagtha amach in Aguisín 3.





Tuama Ursanach Fhíonach Beag

# Comhthéacs Náisiúnta don Phlean Oidhreachta seo

Ar bhonn náisiúnta, meastar níos mó agus níos mó gurb é luach na hoidhreachta ceann de na gnéithe is mó atá taobh thiar de dhul chun cinn an gheilleagair, gur croílár na turasóireachta é agus go mbíonn an fhorbairt tuaithe agus uirbeach araon á spreagadh aige. Toisc an aitheantais atá faighte ag luach na hoidhreachta, tá an oidhreacht ina bunchloch de thionscnaimh rialtais amhail Oidhreacht Éireann 2030, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, Éire Ildánach, Cultúr 2025 agus an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha. Díríonn na tionscnaimh sin uile ar an oidhreacht mar dhlúthchuid dár dtírdhreach, mar bhealach chun tacú leis an gcomhtháthú sóisialta agus mar uirlis chun barr ár gcumais eacnamaíoch a bhaint amach. Imríonn an beartas náisiúnta sintionchar díreach ar an oidhreacht i Liatroim agus téann sé anuas chomh fada le beartais ar leibhéal an Chontae freisin trí Phlean Forbartha Contae Liatroma agus Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Liatroma.



## Plean Forbartha Contae Liatroma 2015–2021

Leagtar amach i bPlean Forbartha Contae Liatroma2015–2021 an creat reachtúil maidir le pleanáil talamhúsáide agus forbairt inbhuanaithe i Liatroim, agus tá an plean á athbhreithniú faoi láthair. Ní dhéanann an Plean Oidhreachta na gealltanais atá sa Phlean Forbartha Contae ó thaobh beartas de a athrá sa mhéid go mbaineann siad le hacmhainn oidhreachta, pleanáil talamhúsáide agus forbairt inbhuanaithe an Chontae. Ina ionad sin, is é aidhm an phlean ná tacú leis an bPlean Forbartha Contae agus pleananna eile, agus iad a láidriú ar bhonn sonraí a sholáthar agus beartais a mholadh, a shocróidh treo agus creat beartais soiléir le haghaidh na hoidhreachta i Liatroim, agus a leagfaidh béim ar chosaint, caomhnú, bainistiú agus cur chun cinn na hoidhreachta.

## Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Liatroma2015–2021

Tá an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (LCDC) tar éis an Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) a réiteach, i gcomhar le Comhairle Chontae Liatroma. Is é sainchúram an LCDC agus an LECP ná forbairt eacnamaíoch, áitiúil agus pobail a chur chun tosaigh sa Chontae. Beidh an LECP mar an creat straitéiseach le haghaidh gach cláir forbartha áitiúil, eacnamaíoch agus pobail atá maoinithe go poiblí.



Loughaphonta, Cluainín

# Cur i bhFeidhm agus Maoiniú an Phlean Oidhreachta

Is plean 6 bliana é an Plean Oidhreachta seo, ina bhfuil 33 beart, agus beidh sé mar bhunús chlár oibre na hOifige Oidhreachta agus an Fhóraim Oidhreachta. Déanfar clár oibre a dhréachtú gach bliain, agus é bunaithe ar na bearta sa phlean. Is é Ciste Phlean Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta a éascóidh, go páirteach, cur i bhfeidhm na bPleananna Oidhreachta Contae, agus socraíonn an Plean Oidhreachta seo an creat a ligfidh do Chomhairle Chontae Liatroma iarratas a chur isteach ar an gciste sin. Beidh an leithdháileadh maoinithe bliantúil ón gComhairle Oidhreachta cómhaoinithe ag Comhairle Chontae Liatroma.

Tá neart foinsí maoinithe eile ar fáil le haghaidh tionscadail atá bunaithe ar an oidhreacht, mar shampla, deontas a bhaineann leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, agus bainfear leas astu sin chun na bearta sa Phlean Oidhreachta a chur i gcrích. Sa chomhthéacs sin, féachfaidh an tOifigeach Oidhreachta go réamhghníomhach chun foinsí ábhartha maoinithe a lorg. Beidh cur i bhfeidhm na mbeart atá sonraithe sa phlean seo ag brath ar na hacmhainní airgeadais riachtanacha a bheith ar fáil. Anuas air sin, d'fhéadfadh go mbeadh páirtithe leasmhara san Fhóram Oidhreachta agus in eagraíochtaí bainteacha eile i gceannas ar bhearta éagsúla a thabhairt chun críche.

## Cuspóirí an Phlean Oidhreachta

- ✓ Tacú le Caomhnú agus Taifeadadh Oidhreacht Liatroma
- ✓ Feasacht faoi Oidhreacht Liatroma a Ardú
- ✓ Pobail a Spreagadh le bheith Rannpháirteach ina nOidhreacht
- ✓ Tacú le Turasóireacht Oidhreachta Inbhuanaithe i Liatroim



# Cuspóir:

# Tacú le Caomhnú agus Taifeadadh Oidhreacht Liatroma



Dealbh Naomh Éidín

## Cuspóir:

# Tacú le Caomhnú agus Taifeadadh Oidhreacht Liatroma

Eascraíonn réimse leathan tairbhí agus seirbhísí eacnamaíocha agus sóisialta ó chosaint ár n-oidhreachta tógtha, an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta. Is í an bhithéagsúlacht bunús ár dtírdhreach;déanann sí soláthar le haghaidh uisce glan agus bia, cuireann sí deiseanna ar fáil i gcomhair diúscairt dramhaíola, athchúrsáil cothaitheach, stóráil agus rialú tuilte, agus rudaí eile nach iad. Is struchtúir de dhéantús an duine í an oidhreacht thógtha uile, a meastar gur ábhair spéise iad mar go bhfuil tréithe seandálaíochta, ailtireachta, staire, ealaíne, cultúir, eolaíochta, sóisialta nó teicniúla ag baint leo, agus mar go gcuireann siad ar bhealach an-luachmhar lenár dtírdhreacha, sráid-dreacha, ceantair thuaithe agus geilleagar áitiúil.

Is den bhunriachtanas é eolas cruinn faoi na sócmhainní oidhreachta sa Chontae agus tacaíocht airgeadais lena gcaomhnú a bheith mar bhonn faoin gcaomhantas.





### Bearta

> Clár na nDéanmhas Cosanta a athbhreithniú agus a nuashonrú.

> Suirbhé a dhéanamh ar oidhreacht thógtha den stíl dhúchasach sa Chontae.

> Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht a fhorbairt do Liatroim agus tacú lena chur i bhfeidhm.

> Tabhairt faoi shuirbhé bogaigh don Chontae.

> Athbhreithniú a dhéanamh ar Mheasúnacht Liatroma ar Nádúr an Tírdhreacha.

> Iniúchadh Oidhreachta Geolaíche a chur i bhfeidhm sa Chontae agus ainmniú Gheopháirc Dhomhanda UNESCOa fhiosrú.

> Tacú le hullmhú Pleananna Bainistithe Caomhantais i dtaca le hacmhainní oidhreachta sa Chontae.

> An bhithéagsúlacht a chur chun cinn faoin tuath i gcoitinne i measc pobal tuaithe agus an phobail feirmeoireachta araon.

> Deiseanna maoinithe oidhreachta a chur chun tosaigh agus grúpaí pobail agus úinéirí/ bainisteoirí suíomh oidhreachta a éascú le gur féidir leo maoiniú a fháil le haghaidh caomhnú, bainistiú agus cur chun cinn suíomh agus tionscadal oidhreachta.

## Cuspóir:

# Feasacht faoi Oidhreacht Liatroma a Ardú



Caisleán Parke

## Cuspóir:

# Feasacht faoi Oidhreacht Liatroma a Ardú

Is láidir na naisc atá ag an-chuid daoine lena gceantar áitiúil, agus an t-ómós áite a mhothaíonn siad ina leith. Is fiú go mór eolas a sholáthar, feasacht a ardú agus tuiscint choiteann ar an oidhreacht áitiúil a chur ar aghaidh ionas gur féidir linn an oidhreacht sin a chaomhnú agus a fheabhsú, agus is amhlaidh a d'fhéadfadh na gníomhartha sin tuiscint agus cosaint níos leithne a spreagadh maidir le hacmhainní oidhreachta.



## Bearta

- Acmhainn ar líne a fhorbairt don oidhreacht sa Chontae.
- Acmhainní litríochta téamúla faoi oidhreacht an Chontae a fhorbairt.
- Obair i gcomhar leis na meáin áitiúla chun atreisiú dearfach a dhéanamh maidir le tábhacht na hoidhreachta.
- Imeachtaí agus tionscnaimh oidhreachta a fhorbairt agus a chur chun cinn fad a bhíonn tionscnaimh oidhreachta náisiúnta agus idirnáisiúnta ar siúl.
- Feasacht a ardú i measc úinéirí talún faoi shócmhainní oidhreachta nádúrtha agus tógtha, agus an dea-chleachtas a chun chun tosaigh.
- Feasacht a ardú faoi oidhreacht chultúrtha Liatroma mar thraidisiún beo a bhíonn de shíor ag fás.
- Seimineár oidhreachta bliantúil a reáchtáil ina n-ardófar feasacht ar an dea-chleachtas san oidhreacht agus ar na tionscadail oidhreachta atá idir lámha sa Chontae.
- Na haghaidheanna siopa traidisiúnta sa Chontae a thaifeadadh agus feasacht a ardú faoi na bealaí a gcuireann siad lenár mbailte stairiúla.
- An Ghaeilge a chur chun cinn sa Chontae agus cás a dhéanamh ar Oifgeach Gaeilge a cheapadh.



## Cuspóir:

# Pobail a Spreagadh le bheith Rannpháirteach ina nOidhreacht



## Cuspóir:


# Pobail a Spreagadh le bheith Rannpháirteach ina nOidhreacht

Is iad na pobail áitiúla na daoine is mó a chaomhnóidh agus a chosnóidh ár n-oidhreacht. Aithnítear gur gné ríthábhachtach den chomhtháthú agus rannpháirtíocht shóisialta í an oidhreacht, mar bhealach le pobail a thabhairt le chéile agus le daoine óga a ghríosú chun a bheith gafa lena dtimpeallacht. Is é aidhm an phlean seo ná pobail a éascú agus a chumasú chun a bheith rannpháirteach le hoidhreacht inbhraite agus dhobhraite a n-áit chónaithe, agus deiseanna a sholáthar le gur féidir páistí scoile agus pobail áitiúla a spreagadh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh más amhlaidh ar mhian leo tionscadail oidhreachta a fhorbairt atá oideachasúil agus atá dírithe ar an gcaomhantas.



## Bearta

- Tacú le grúpaí pobail chun tionscadail oidhreachta a fhorbairt a chomhlíonann cuspóirí an Phlean Oidhreachta, agus féachaint le dea-chleachtas a chur ar aghaidh i dtaca le cur chun cinn agus caomhnú oidhreacht Liatroma, agus taighde a dhéanamh uirthi.
- Tionscnaimh oiliúna a fhorbairt agus a chur ar fáil don phobal, do ghrúpaí pobail agus d'úinéirí réadmhaoine maidir le caomhnú oidhreachta tógtha agus nádúrtha.
- Tionscadail oidhreachta idirghlúine a éascú, mar shampla, tionscadal staire béil i scoileanna.
- Rannpháirtíocht scoileanna i gcláir ardaithe feasachta faoin oidhreacht a chur chun cinn.
- Oiliúint sa bhithéagsúlacht a sholáthar do pháirtithe leasmhara bainteacha.
- Oiliúint i gcaomhnú na hoidhreachta tógtha a sholáthar.
- Rannpháirtíocht na bpobal áitiúil i dtraidisiúin oidhreachta chultúrtha a ghríosú.
- Scéim Gradaim Oidhreachta chun barr feabhais agus dea-chleachtas san oidhreacht a chur chun cinn agus a chur faoi bhráid an tsaoil.
- Tacú le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.
- Imeachtaí na Seachtaine Oidhreachta sa Chontae a éascú.



# Cuspóir:

# Tacú le Turasóireacht Oidhreachta Inbhuanaithe i Liatroim



Áitreabh Sheáin Mhic Dhiarmada

## Cuspóir:

## Tacú le Turasóireacht Oidhreachta Inbhuanaithe i Liatroim

Tá an turasóireacht ina bunchloch de rath eacnamaíoch an Chontae, agus mealltar an-chuid turasóirí chuige. Is é bunús na turasóireachta i Liatroim ár n-oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha, agus tá ról lárnach aici maidir le turasóireacht agus cruthú post ar fud an Chontae. Má dhéanaimid an oidhreacht a chomhcheangal i dtionscnaimh turasóireachta agus i léirmhíniú na turasóireachta, is féidir linn gné nua a chur le tionscadail turasóireachta agus an deis a thapú chun ár dtírdhreach uathúil a iniúchadh agus a chur i láthair do chách.



### Bearta

> Suímh oidhreachta thábhachtacha sa Chontae a shainaithint agus straitéisí a fhorbairt chun tabhairt faoi léirmhíniú ar shuímh faoi leith.

> Suímh foraoiseachta féideartha a mheas, a d’fhéadfaí a áireamh i Scéim na Coille Seo Againne.

> An dea-chleachtas a chur chun cinn i gcás painéil léirmhínithe oidhreachta sa Chontae.

> Léarscáil de na suímh oidhreachta inrochtana sa Chontae a dhearadh.



# Aguisín 1
## Comhaltaí Fhóram Oidhreachta Liatroma

| | |
|---|---|
| **An Comhairleoir Seán McDermott** | Comhalta tofa |
| **An Comhairleoir Felim Gurn** | Comhalta tofa |
| **An Comhairleoir Finola Armstrong-McGuire** | Comhalta tofa |
| **An Comhairleoir Sean McGowan** | Comhalta tofa |
| **An Comhairleoir Paddy O'Rourke** | Comhalta tofa |
| **An Comhairleoir Ita Reynolds Flynn** | Comhalta tofa |
| **Joseph Gilhooly** | Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Liatroma |
| **Bernard Greene** | Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Chontae Liatroma |
| **Sarah Malone** | Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Chontae Liatroma |
| **John Bredin** | Cumann Staire Chora Droma Rúisc agus Cheantar Chora Droma Rúisc |
| **Patricia O'Loughlin** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Grúpa Oidhreachta Dhroim Dhá Thiar |
| **Seán O Súilleabháin** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Glór Bhéal an Átha Móir |
| **Seán Gill** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Grúpa Oidhreachta Chora Droma Rúisc |
| **John Matthews** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **Paddy O'Donovan** | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| **T J O'Meara** | Aonad Comhairleach na hOidhreachta Tógtha |
| **Ashling Cartwright** | Cuideachta Forbartha Liatroma |
| **James Gallagher** | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| **Shane Kilrane** | Teagasc |
| **Nuala Reilly** | Uiscebhealaí Éireann |
| **Karen Kennedy** | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil |



# Aguisín 2
## Rannpháirtithe sa Ghrúpa Fócais Oidhreachta

### Grúpa Fócais Oidhreachta Tógtha:

| | |
|---|---|
| **Paddy O'Donovan** | Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta |
| **T J O'Meara** | Aonad Comhairleach na hOidhreachta Tógtha |
| **Patricia O'Loughlin** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Grúpa Oidhreachta Dhroim Dhá Thiar |
| **Ashling Cartwright** | Cuideachta Forbartha Liatroma |
| **Dr Kieran O'Conor** | Ollscoil na hÉireann, Gaillimh |
| **Sam Moore** | An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach |
| **Michele O'Dea** | Oifig na nOibreacha Poiblí-Ailtire Caomhantais Sinsearach |
| **An tOirmhinneach Ultan McGoohan** | An Eaglais Chaitliceach Rómhánach |
| **Jo Lewis** | An Tionscnamh Green Door |

### Grúpa Fócais Oidhreachta Cultúrtha:

| | |
|---|---|
| **Seán O Súilleabháin** | Líonra Rannpháirtíochta Pobail, Glór Bhéal an Átha Móir |
| **Nuala Reilly** | Uiscebhealaí Éireann |
| **Mary Conefrey** | Leabharlannaí Staidéir Áitiúil, Comhairle Chontae Liatroma |
| **Philip Delamere** | Oifigeach Ealaíon, Comhairle Chontae Liatroma |
| **Fionnuala Maxwell** | Amhránaíocht Ghaelach Thraidisiúnta |
| **John McCartin** | Ceol Gaelach Traidisiúnta |
| **Edwina Guckian** | Rince Gaelach Traidisiúnta |
| **Ciarán Rock** | Ionad Oidhreachta Choillte Clochair |
| **Patricia McCartin** | Ionad Ginealais Liatroma |

### Grúpa Fócais Oidhreachta Nádúrtha:

| | |
|---|---|
| **Karen Kennedy** | Clár Uiscí na nÚdarás Áitiúil |
| **Ashling Cartwright** | Cuideachta Forbartha Liatroma |
| **Bernard Greene** | Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Chontae Liatroma |
| **Phyl Foley** | Oifig Turasóireachta, Comhairle Chontae Liatroma |
| **Manus Tiernan** | Uiscebhealaí Éireann |
| **John Matthews** | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra |
| **Richard Jack** | Coillte |
| **Seppi Hona** | An tSeirbhís Foraoiseachta |
| **Rita McSweeney agus Harriet Keaney** | Bailte Slachtmhara Chora Droma Rúisc |



An Ché, Cora Droma Rúisc

# Aguisín 3
## Amlíne le haghaidh an Phróisis Athbhreithnithe do Phlean Oidhreachta Liatroma

| | |
|---|---|
| **6 Feabhra2019** | An chéad chruinniú den Fhóram Oidhreachta, a chuimsigh ceardlann ar thosaíochtaí an Phlean Oidhreachta. Cathaoirleach Ainmnithe (An Comhairleoir Seán McDermott). |
| **25 Feabhra 2019 -** | Seoladh an chomhairliúcháin phoiblí réamhphlean 6 seachtaine dar teideal 'Céard é d'Oidhreacht Liatroma?' |
| **23 Aibreán 2019 -** | Tuairisc ar an gcomhairliúchán poiblí le bheith curtha faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta. |
| **Aibreán 2019** | Athbhreithniú agus tiomsú thorthaí na ceardlainne a d'eagraigh an Fóram Oidhreachta, an phlé a rinneadh ag cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha, agus an chomhairliúcháin phoiblí. |
| **8 Bealtaine 2019** | Cruinniú an Fhóraim Oidhreachta chun na tosaíochtaí don Phlean Oidhreachta a athbhreithniú. |
| **11 Meitheamh 2019** | Cruinniú an Ghrúpa Fócais Oidhreachta Tógtha. |
| **12 Meitheamh 2019** | Cruinniú an Ghrúpa Fócais Oidhreachta Cultúrtha. |
| **13 Meitheamh 2019** | Cruinniú an Ghrúpa Fócais Oidhreachta Nádúrtha. |
| **12 Meán Fómhair2019** | Cruinniú an Fhóraim Oidhreachta chun na bearta sa Phlean Oidhreachta aathbhreithniú. |
| **01 Deireadh Fómhair 2019** | Cur i láthair an Dréachtphlean Oidhreachta don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí. |
| **Eanáir 2020** | Comhairliúchán poiblí 4 seachtaine don Dréachtphlean Oidhreachta. |
| **6 Eanáir 2020** | An Dréachtphlean Oidhreachta curtha faoi bhráid Chomhairle Chontae Liatroma. |
| **15 Eanáir 2020** | Seoladh an chomhairliúcháin phoiblí 4 seachtaine don Réamhphlean Oidhreachta. |
| **26 Feabhra 2020** | Dréachtphlean Oidhreachta curtha faoi bhráid an Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíochta. |
| **27 Feabhra 2020** | Cruinniú an Fhóraim Oidhreachta le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhairliúchán poiblí. |
| **28 Feabhra 2020** | An Dréachtphlean Oidhreachta a athbhreithniú agus a leasú i bhfianaise an chomhairliúcháin phoiblí. |
| **2 Márta 2020** | An Plean Oidhreachta faofa ag Comhairle Chontae Liatroma |



Design: One Little Studio

**Chun tuilleadh eolais a fháil,
bain leas as na sonraí teagmhála seo a leanas:**


Oifigeach Oidhreachta

Comhairle Chontae Liatroma, Áras an Chontae

Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma

**Guthán:** (071) 9620005

**Ríomhphost:** smalone@leitrimcoco.ie

**Web:** www.leitrimheritage.ie


Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

Leitrim Heritage

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council